CINNEADH (CBES) 2023/615 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 14 Márta 2023

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/170 (EUTM Somalia/1/2023)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile ([1]), agus go háirithe Airteagal 5 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh 2010/96/CBES, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, na cinntí ábhartha a ghlacadh maidir le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia), lena n-áirítear cinntí maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh.

(2) An 8 Feabhra 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/170 ([2]) lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Roberto VIGLIETTA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia.

(3) An 29 Samhain 2022, mhol údaráis mhíleata na hIodáile an Briogáidire-Ghinearál Fulvio POLI a cheapadh i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Roberto VIGLIETTA mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia.

(4) An 9 Nollaig 2022, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go gceapfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Briogáidire-Ghinearál Fulvio POLI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia.

(5) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Fulvio POLI a cheapadh agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/170 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Fulvio POLI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) ón 23 Márta 2023.

Airteagal 2

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/170.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 44, 19.2.2010, lch. 16.

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/170 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 8 Feabhra 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1072 (EUTM Somalia/1/2022) (IO L 28, 9.2.2022, lch .17).

Beidh feidhm aige ón 23 Márta 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2023.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach